# An Idirbhliain

Tá an eiseamláir seo ina cuid de shraith trí acmhainn chun machnamh a dhéanamh ar chlár Idirbhliana do scoile agus chun an clár céanna a athnuachan

# Machnamh a dhéanamh ar Eispéiris an Scoláire

Tá ceithre Ghné Churaclaim i Ráiteas Chlár na hIdirbhliana athbhreithnithe (2024), agus tá Comhpháirteanna ar cheann de na Gnéithe sin. Is é cuspóir na hacmhainne seo tacú le do scoil le machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh comhpháirteanna de chlár Idirbhliana na scoile a bheith níos ailínithe le heispéiris an scoláire ar gach Gné Scoláire. Tá ceithre Ghné Scoláire ceaptha leis an scoláire agus an scoil a threorú i bhfoghlaim agus forbairt an scoláire le linn na hIdirbhliana.

Is iad seo a leanas na ceithre Ghné Scoláire: Fás Pearsanta, A bheith i d'Fhoghlaimeoir, Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail, agus Taighde Gairme.


Tógann na ceithre thábla san acmhainn seo gach eispéireas scoláire ó na ceithre Ghné Scoláire. Tá na **heispéiris scoláire** sin sa cholún láir. Ansin, iarrtar ort i gcolún na láimhe clé **machnamh a dhéanamh eispéiris an scoláire** i gcás an chláir Idirbhliana mar atá faoi láthair, bunaithe ar mheastóireacht do scoile ar na comhpháirteanna laistigh den chlár Idirbhliana reatha. Ansin, cuimhnítear chun tosaigh i gcolún na láimhe deise **ar an gcaoi a bhféadfadh clár Idirbhliana athnuaite tacaíocht níos éifeachtúla a thabhairt do gach scoláire**. D'fhéadfadh go gcuimseofaí leis seo, mar shampla, comhpháirt a choinneáil, comhpháirt reatha a bhaint as an gclár, cur chuige reatha a athrú nó comhpháirt nua a chur leis chun deis níos fearr a thabhairt don scoláire chun é féin a fhorbairt de réir na dtáscairí forbartha.

'Is ionann clár éifeachtach IB, rud a bheidh uathúil i ngach scoil, agus clár ina bhfeidhmíonn gach gné den churaclam chun an scoláire a fhorbairt i gcomhréir leis na Gnéithe Scoláire.' (Ráiteas Chlár na hIdirbhliana, 2024)

Léiríonn an eiseamláir thíos an chaoi ar féidir an tábla a úsáid chun tús a chur le próiseas an mhachnaimh agus na hathnuachana.

## Achoimre ghrafach ar Ráiteas Chlár na hIdirbhliana

Níl na táblaí d'eispéiris scoláire ceaptha lena bheith ina liostaí uileghabhálacha. Ceapadh iad le treoir a chur ar fáil do scoileanna agus iad ag pleanáil agus ag leagan síos bhunsraith an chláir IB seo acu. Cé go leagtar amach na paraiméadair don fhoghlaim agus don fhorbairt sna táscairí forbartha, forbróidh an scoláire ar bhealaí difriúla, a bheag nó a mhór, i ngach ceann de na táscairí. Ar an mbealach sin, treoir mhachnamh atá iontu chomh maith don scoláire. (Ráiteas Chlár na hIdirbhliana, 2024)



# Fás Pearsanta: Machnamh a dhéanamh ar Eispéiris an Scoláire

**1. Machnamh a dhéanamh ar ár gcuraclam Idirbhliana mar atá faoi láthair:**

- An bhfuil comhpháirt ábhartha ann?
- cé na rudaí atá ag feidhmiú go maith agus cé na rudaí nach bhfuil ag éirí chomh maith sin leo

**Fás Pearsanta**
Eispéiris an Scoláire

**2. Cuimhneamh chun tosaigh ar chlár Idirbhliana athnuaite**

- cén chaoi chun cur le rathúlacht
- foghlaim ó laigí a thagann chun cinn ón machnamh

| | | |
|---|---|---|
| Éiríonn go maith leis an gComórtas Eolaíochta (Scifest), Mionchuideachta, Ceoldráma IB agus bíonn leibhéil arda rannpháirtíochta i gceist leo | Tionscadail chomhoibríocha, comórtais, gníomhaíochtaí le linn na bliana chun spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach. | Leanúint le taisc foirne a chur chun cinn i measc múinteoirí |
| B'fhéidir nach bhfuil go leor deiseanna le tógáil ar na ceardlanna Sochmhothúchánacha agus dialanna taithí oibre | Taisc agus tionscadail aonair, lena mbainfeadh scileanna digiteacha agus neamh-dhigiteacha chun féinléiriú a chumasú. | Níos mó machnamh scoláire (rang Forbartha Punainne) agus ionchur ón scoláire sa seomra ranga a spreagadh |
| Níl aon phunann sa chlár faoi láthair | Punann a chruthú, faoi threoir, lena ndéanfaí taifead ar a fhás pearsanta. | Ár gcuid uirlisí digiteacha reatha a úsáid le tús a chur leis an bpunann IB a leabú thar an gclár IB – socrú spriocanna, machnamh ar tháscairí forbartha, ... |
| Éiríonn go maith leis na ceardlanna sochmhothúchánacha agus le forbairt an chreidimh ach b'fhéidir go bhfuil easpa deiseanna iontu do thionscnamh nó do cheannaireacht sa phobal áitiúil | Oideachas agus treoir i dtaobh forbairt phearsanta agus mhothúchánach agus feasacht shóisialta. | Féach ar an gcaoi ar féidir OSPS a chomhtháthú go hiomlán as seo go ceann dhá bhliain |
| Corpoideachas/Gníomhaíochtaí gach seachtain, éiríonn go maith le Ceardlanna Sochmhothúchánacha | Gníomhaíochtaí agus eispéiris ag cur na sláinte fisicí agus mothúchánaí ar feadh an tsaoil chun cinn. | Leanúint leis na heispéiris seo |
| Gan aon deis réamhshocraithe san amchlár - | Deiseanna le haghaidh machnamh faoi threoir agus athbhreithniú ar spriocanna pearsanta. | An rang Forbartha Punainne le cur san áireamh san amchlár – socrú spriocanna, machnamh ar tháscairí forbartha ... |
| Cuid den chleachtas seomra ranga, oíche gradaim IB, agallamh scoláire, comórtais an fhiontraí shóisialta, mionchuideachta | Deiseanna foirmeálta agus neamhfhoirmeálta chun labhairt agus cur i láthair a dhéanamh sa rang, os comhair an phobail agus in agallaimh. | Leanúint leis; b'fhéidir go bhféadfadh scoláirí IB níos mó cainte a dhéanamh ag oícheanta eolais nó le scoláirí na sraithe sóisearaí |
| Tuairisc scoile, ceoldráma IB, an oíche gradaim IB agus agallamh an scoláire – léirítear an fás atá tagtha ar na scoláirí; b'fhéidir go bhféadfaí dul i ngleic lena síleann na scoláirí a bheith deacair ar leibhéal pearsanta. | Aitheantas d'fhás pearsanta agus do dhúshláin phearsanta i ngach gné de shaol na scoile i gcaitheamh na bliana. | B'fhéidir go bhféadfadh na machnaimh punainne béim a leagan ar an gcaoi a bhforbraíonn an scoláire le dúshláin a fheiceáil mar dheiseanna breise don fhás |

# A bheith i d'Fhoghlaimeoir: Machnamh a dhéanamh ar Eispéiris an Scoláire

**1. Machnamh a dhéanamh ar ár gcuraclam Idirbhliana mar atá faoi láthair:**

- An bhfuil comhpháirt ábhartha ann?
- cé na rudaí atá ag feidhmiú go maith agus cé na rudaí nach bhfuil ag éirí chomh maith sin leo

## A bheith i d'Fhoghlaimeoir
Eispéiris an Scoláire

**2. Cuimhneamh chun tosaigh ar chlár Idirbhliana athnuaite**

- cén chaoi chun cur le rathúlacht
- foghlaim ó laigí a thagann chun cinn ón machnamh

| | | |
|---|---|---|
| Éiríonn go maith leis an leanúnachas agus an tsampláil, ach dírítear an iomarca ar ábhar scrúdaithe sa Mhata agus sa Ghaeilge; | Ábhair leanúnachais agus ag fáil blaiseadh d'ábhar le foghlaim a dearadh chun príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí a fhorbairt. | Leanúint le hathbhreithniú agus le meastóireacht a dhéanamh le Croífhoireann agus múinteoirí na hIdirbhliana, go háirithe de réir mar a chuirtear ábhair nuashonraithe i bhfeidhm ar bhonn céimneach. |
| Bíonn an teagasc agus an fhoghlaim éifeachtach go ginearálta; tagann na cuir chuige fhoirmitheacha leis na táscairí forbartha; b'fhéidir go bhféadfadh níos mó a bheith ann maidir le straitéisí éifeachtacha foghlama | Éagsúlacht d'oideolaíochtaí a bheadh ag teacht le fíorú aidhmeanna an Ráitis an Chláir agus le bheith ag tacú leis na táscairí forbartha do gach aon scoláire. | Leanúint le machnamh a dhéanamh ar chleachtais choiteanna agus aonair sa Ghné Churaclaim: Teagasc agus Measúnú; cén chaoi ar féidir leis an scoláire straitéisí foghlama níos fearr a fhorbairt? |
| Cuid den chleachtas seomra ranga, oíche gradaim IB, agallamh an scoláire, comórtais, mionchuideachta | Deiseanna bríocha foghlama lena n-ionchorprófaí ionchur an scoláire. | B'fhéidir gur cheart seiceáil isteach le scoláirí go neamhfhoirmiúil, sa seomra ranga agus tríd an gComhordaitheoir IB. |
| Éiríonn go maith leis an leanúnachas ó MRBanna go tionscadail agus foghlaim neamhspleách san Idirbhliain. | Deiseanna le cur le foghlaim an scoláire le linn an aistrithe ón tsraith shóisearach go dtí an tsraith shinsearach. | Le hathbhreithniú agus le meas le Croífhoireann agus múinteoirí na hIdirbhliana. |
| Baintear úsáid as réimse modhanna measúnaithe i bhformhór na gcomhpháirteanna – foirmitheach go háirithe, cé go mb'fhéidir go bhféadfaí critéir ratha a úsáid níos mó in IB | Measúnú ar a fhoghlaim agus forbairt trí éagsúlacht d'fhoirmeacha mar shampla múinteoir, piar- agus féinmheasúnú, chun críche foirmitheacha agus suimitheacha. | Na cleachtais choiteanna i Ráiteas Chlár na hIdirbhliana a athbhreithniú mar fhoireann as seo go ceann bliana |
| Tuairisc scoile, léiríonn an oíche gradaim IB agus agallamh an scoláire an fás atá tagtha ar an scoláire | Aitheantas do ghnóthachtáil i ngach réimse den churaclam. | Le hathbhreithniú agus le meas le Croífhoireann agus múinteoirí na hIdirbhliana. Cén chaoi le guth uathúil an scoláire a léiriú? |
| Níl aon phunann sa chlár IB faoi láthair | Punann a chruthú, faoi threoir, lena ndéanfaí taifeadadh den scoláire agus dá dhul chun cinn mar fhoghlaimeoir. | Ár gcuid uirlisí digiteacha reatha a úsáid le tús a chur leis an bpunann IB a leabú thar an gclár IB – socrú spriocanna, machnamh ar tháscairí forbartha, ... |
| Raon leathan tionscadal sa chlár IB faoi láthair | Réimse de thionscadail aonair agus foirne, comórtais, gníomhaíochtaí i gcaitheamh na bliana atá indéanta agus dúshlánach go leor. | Le hathbhreithniú agus le meas le Croífhoireann agus múinteoirí na hIdirbhliana. |

# Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail: Machnamh a dhéanamh ar Eispéiris an Scoláire

**1. Machnamh a dhéanamh ar ár gcuraclam Idirbhliana mar atá faoi láthair:**

- An bhfuil comhpháirt ábhartha ann?
- cé na rudaí atá ag feidhmiú go maith agus cé na rudaí nach bhfuil ag éirí chomh maith sin leo

**Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail**
Eispéiris an Scoláire

**2. Cuimhneamh chun tosaigh ar chlár Idirbhliana athnuaite**

- cén chaoi chun cur le rathúlacht
- foghlaim ó laigí a thagann chun cinn ón machnamh

| | | |
|---|---|---|
| Tugann na scoláirí IB faoi achainí bhosca bróg na Nollag, bia PATH do dhaoine gan dídean agus | A bheith ag obair le heagraíochtaí agus gnólachtaí áitiúla nó náisiúnta i gcaitheamh na bliana. | Leanúint le deiseanna a chur ar fáil agus na scoláirí a spreagadh le carthanais/eagraíochtaí féideartha a lorg |
| Caidrimh mhaithe le carthanais, go háirithe maidir le hachainíocha daonnúla | Deiseanna le bheith ag obair go deonach trí obair phobail agus socrúchán sóisialta. | Mar atá thuas |
| OFI le brath ar fud an churaclaim IB ach is minic a thuairiscíonn na scoláirí agus na múinteoirí go mbíonn an t-ábhar céanna á chlúdach | Oideachas ar fhorbairt inbhuanaithe, lena n-áireofaí gníomh bríoch le haghaidh domhan níos inbhuanaithe. | An chroífhoireann IB le plé a dhéanamh ar an gcaoi is fearr leis an ngníomh inbhuanaithe a leabú; tacaíochtaí féideartha cosúil le micreamhodúl CNCM nó eagraíochtaí áitiúla a fhiosrú |
| Rannpháirtíocht an-ghníomhach an scoláire dá thoil féin agus tríd an gclár | Comhroinnt eolais agus scileanna laistigh de phobal na scoile agus i measc páirtithe leasmhara sa phobal. | Leanúint le deiseanna a chur ar fáil agus solúbthacht a choimeád |
| Níl aon phunann inár gclár IB faoi láthair | Punann a chruthú, faoi threoir, lena ndéanfaí taifead dá rannpháirtíocht shibhialta agus phobail. | Ár gcuid uirlisí digiteacha reatha a úsáid le tús a chur leis an bpunann IB a leabú thar an gclár IB – socrú spriocanna, machnamh ar tháscairí forbartha, ... |
| Raon leathan faoi láthair; | Tionscadail, comórtais, gníomhaíochtaí sa seomra ranga, ar scoil, sa bhaile, i bpobail áitiúla agus sa tsochaí. | Le hathbhreithniú agus le meas le Croífhoireann agus múinteoirí na hIdirbhliana – d'fhéadfadh foinsiú agus rannpháirtíocht an scoláire a bheith níos airde |
| Bíonn nuachtlitir na scoláirí agus Nuacht IB éifeachtúil agus bíonn tóir orthu; | Rannpháirteachas bríoch le múnlú chultúr na scoile. | B'fhéidir go bhféadfaí iarraidh ar roinnt scoláirí páirt a ghlacadh i gcruinniú faoi leith leis an gCroífhoireann IB? |
| Tarlaíonn go nádúrtha; is nós leis an scoláire gan an teanga a bheith aige maidir leis an gcaoi a bhforbraíonn sé; | Deiseanna foghlama maidir le comhbhá, ilchineálacht agus ionchuimsiú. | Cuirfidh OSPS ar an amchlár leis seo; an bhfuil spás do cheardlann/cúrsa faoi leith maidir le comhbhá? |

# Taighde Gairme: Machnamh a dhéanamh ar Eispéiris an Scoláire

**1. Machnamh a dhéanamh ar ár gcuraclam Idirbhliana mar atá faoi láthair:**

- An bhfuil comhpháirt ábhartha ann?
- cé na rudaí atá ag feidhmiú go maith agus cé na rudaí nach bhfuil ag éirí chomh maith sin leo

**Taighde Gairme**
Eispéiris an Scoláire

**2. Cuimhneamh chun tosaigh ar chlár Idirbhliana athnuaite**

- cén chaoi chun cur le rathúlacht
- foghlaim ó laigí a thagann chun cinn ón machnamh

| | | |
|---|---|---|
| An-tairbheach go ginearálta; Is minic nach n-éiríonn leis an scoláire teacht ar thaithí oibre a bhaineann níos mó lena chuid spéiseanna | Socrúcháin oibre i gcaitheamh na bliana. | D'fhéadfaí iarraidh ar/cabhrú leis an scoláire iarracht a dhéanamh socrúchán oibre a fháil atá lasmuigh dá chompord |
| Éiríonn go maith leis an ullmhúchán roimh ré ach d'fhéadfadh struchtúr níos fearr a bheith ar an bhfaisnéisiú; | Tascanna machnaimh, faoi threoir, le linn taithí agus socrúcháin san IB. | Fiosraigh an ann do chomhpháirteanna a d'fhéadfadh tacú leis an ngné seo den fhorbairt i ngairmeacha? Micreamhodúil CNCM maidir le gairmeacha a fhiosrú b'fhéidir |
| Faoi mar a dtarraingítear aird air thuas, tá an tsampláil láidir sa chlár ach níl sí chomh láidir céanna i gcás nasc le gairmeacha | Ábhair agus modúil ar churaclam na sraithe sinsearaí a nascann le conairí sa todhchaí. | A mholadh do na múinteoirí ar fad gur cheart béim a leagan ar roghanna féideartha gairme a bhaineann lena n-ábhair – is cuma más ábhair leanúnachas nó sampláil atá i gceist |
| Éiríonn go maith le ranganna réamhshocraithe gach seachtain; tuairiscíonn na scoláirí easpa tascanna faoi leith uaireanta | Gairmthreoir agus tacaíocht sa seomra ranga i dtaca le conairí sa todhchaí. | B'fhéidir go bhféadfaí líon réamhshocraithe tascanna a thabhairt isteach le tacú leis na tascanna machnamhacha treoraithe |
| Níl aon phunann in IB | Punann a chruthú, faoi threoir, a dhéanann taifeadadh ar a chuid machnaimh ar a thaighde gairme. | D'fhéadfadh rang Forbartha Punainne an scoláire a spreagadh le machnamh a dhéanamh ar ghairmeacha tríd an bpunann IB |
| Cuireann gairmthreoir seo ar fáil go pointe; tacaíonn an mhionchuideachta agus na socrúcháin oibre leis seo; | Éagsúlacht de dheiseanna foghlama, a fheabhsaíonn scileanna praiticiúla agus gairmiúla. | B'fhéidir go bhféadfaí breathnú ar mhicreamhodúl gairme is féidir a chur in oiriúint dár riachtanais? |
| Laethanta oscailte in ardoideachais; Gaisce; Lá Dlí; freastalaíonn Lá Dlí ar líon beag scoláirí IB; | Fáil ar ócáidí nó ar thimpeallachtaí foghlama a bhaineann le gairmeacha. | Oiliúint Barista a thabhairt isteach in ionad Lá Dlí; |
| Aoichainteoirí i ngairmeacha, Breisoideachas; | Aoichainteoirí ó éagsúlacht de chúlraí agus de ghairmeacha. | Roinnt iarscoláirí a thabhairt isteach do lá foghlama suntasaí maidir le conairí gairme |
| Garchabhair; ICDL i dteicneolaíocht dhigiteach; | Gearrchúrsaí teistithe nó micridhintiúir. | Níl aon deis faoi láthair do chinn eile |
| Éiríonn go maith le CareerFit agus na 16 chonair fhéideartha ghairme; | Deiseanna chun inniúlachtaí agus cumais a mheas. | Le húsáid arís sa chéad chlár eile |